

Na Coastguards i gCois Fharraige le linn an dara Chogaidh Mhóir

An ‘Emergency’ i gCois Fharraige

Céard é seo in uachtar an pháipéir,
A bhfuil creathadh i do láimh is tú á léamh?
Cogadh agus dúnmharú cráite –
Anois tá gach náisiún faoi réir.
Mar 'phléascfadh scail thoirnigh lá fómhair,
Nó tonn mhillteach chumhachtach ar thrá,
Is ea 'phléascfas an cogadh san Eoraip
Agus beidh sí lag lúbach dá bharr.

Sin é an cúigiú véarsa de naoi gcinn déag as ‘Lá na Fola’, ceann de na dánta is cáiliúla dár scríobh an file áitiúil Seosamh Ó Donncha nó Joe Shéamais Sheáin, é cumta aige cúig nó sé de blianta sular thosaigh an cogadh.

Sa tréimhse chorrach seo san Eoraip le linn an dara chogaidh mhóir 1939 – 1945 tá ‘fhios ag madraí an bhaile go raibh Éireann neodrach ach caithfidh tú cuimhneamh gur oileán muid. B’éigean don airm plean straitéiseach a chur le chéile leis an tír a chosaint, go mór mhór timpeall an chósta. Ní raibh áit ar bith níos oscailte, leochaileach ná sobhuailte ná Cuan na Gaillimhe taobh amuigh anseo. Bhí sé ar nós ródbhealach i ndáiríre, ina raibh idir longa paisinéirí, soithí lastais agus báid faoi thoinn ag taisteal, gan trácht ar mhianaigh bradacha ag imeacht ar strae sa sáile agus gan ‘fhios cén uair a laindeáilfeadh ceann acu ar bharr carraige nó sa snáth mara.

Ar aon bhealach, an ‘Éigeandáil’ nó an ‘Emergency’ a tugadh ar an tréimhse seo agus mar chosaint beartaíodh campaí faire a thógáil thar timpeall an chósta. D’fhuadaigh an stoirm agus an gála cuid acu sin ach thóg an tArm iad as dúshlán an geábh ina dhiaidh sin, agus iad déanta anois as straidhn threisithe agus barraí iarann.

Bhí ceann de na botháin seo – an

‘Hut’ a thugadh cuid de mhuintir na háite air – tógtha ar chnocán aerach rite, píosa siar ón Spidéal i ngiorracht céad slat den fharraige. Fíoráisiúil, ba cúldoras isteach é agus ar iompú do bhoise d’fhéadfadh an Ghearmáin nó Sasana, ag a raibh an chabhlach ba chumhachtaí ag an am taobh amuigh de Mheiriceá, leaindeáil ar an talamh

tirim, bunáiteanna na n-arm a shocrú suas agus ní bheadh muid in ann faic na ngrást a dhéanamh faoi. Go deimhin bhí ráflaí ann tráth go raibh Hitler le hionsaí a dhéanamh ar an tír seo, ach b’fhéidir nach raibh ansin ach bolscaireacht ag meáin Shasana.

Bhí an-tóir ag na Sasanaigh ar na cuanta céanna. Cúpla bliain roimhe



Tower Cheann Gólaím

2005-09-20


sin scaoil siad leis an seilbh a bhí acu ar thrí chinn acu, péire i gCorcaigh - Queenstown nó Cóbh, Baile Chaisleáin Bhéarra agus Loch Súilí ó thuaidh. In ainneoin gealltanais mhealltach Churchill do De Valera – na Sé Chontae a thabhairt ar ais dúinn ina measc – ba mhaith a thuig Dev an cúlchead agus an gliceas, agus mar sin níor ghéill sé dóibh. Choinnigh sé a ghreim, sheas sé ar a fhocal agus níor shloig sé an baoite, agus tá creidiúnas mór ag dul dó mar gheall air sin.

D'fhostaigh na fórsaí cosanta daoine áitiúla, ní nach ionadh, is acusan a bhí an t-eolas ar chuile charraig, crompán, cuisle, oileán, caladh, cuan, góilín, caoláire, scailp, corra a bhí san áir. Bhí a fhios acu faoi chuile chor dá ndéanfadh an fharraige, an ceangal a bhí ag an ngealach le rabhartaí móra agus beaga, an rabharta ina neart, lán mhara, iarthrá, barr láin. Bhí na téarmaí seo ar fad ar bharr a ngoib acu agus curach chanbháis ag beagnach chuile theach, bíodh is go raibh an páipéarachas ar fad i mBéarla, ach is dóigh go raibh siad i bhfad níos compordaí leis sin.

Na 'Coastguards' a thugtaí go háitiúil ar na daoine seo a bhí ceaptha don obair chosanta agus sin iad a bhíodh gléasta go péacach, bródúil, pointeáilte i gculaith an airm. Buíon cróga, dúthrachtach, tírghráúil a bhí iontu a sheas an fód ar son chosaint na tíre oícheanta fada fliucha stoirmiúla geimhriúla nach gcuirfeá amach an mada agus an áit chomh dubh le pic mar nár tháinig an leictreachas an bealach go ceann scór blianta ina dhiaidh sin.

Bhíodh ar dhuine acu seasamh taobh amuigh i rith na hoíche agus a bheith fíorairdeallach ar fhaitíos go mbeadh torann nó crónán ó aon eitleáin nó go mbeadh aon solas aisteach ag guairdeall sa spéir nó ar an bhfarraige. Ní raibh aon chead codlata ann go hoifigiúil, ach dúirt mo Dheaide, Tom Bán, liom go mbíodh coirnéal codlata acu agus iad sínte amach ar an mbinse ar a seal. Seo iad na daoine a bhí sa mhuíon sin:

Pat James Bolustrom,
Oifigeach/Ceannasaí, Baile na hAbhann



Joe Phádraig Uí Neachtain,
Ceannaire, An Chéibh Nua
Taimisín Pháidí an Bhreathnaigh,
An Chéibh Nua

Tom Bán Breathnach, An Chathair
Steve Darby Ó Céide,
Sáile Chuanna

Micheal Coyne, Sáile Chuanna
Marcaisín Johnny Mháirtín Uí Fhéinneadha, An Chré Dhubh
Maidhcilín Feeney,

Sráidbhaile an Spidéil

Dainín Dan Beag Ó Féinneadha, An Baile Ard.

An-leadránach agus an-fhada go deo a bhíodh seal na hoíche gan solas gan léargas, oícheanta fada áirneáin chomh fada le ráithe an Earraigh, gan an imirt chártaí féin ann ná slabáil ag ól tae ná caitheamh tobac mar nach raibh a leithéidí ann. Bhí ciondail i bhfeidhm nó an "ration" mar a thugtaí air, agus rudaí chomh gann sin is go mbídís ag cur smúdar móna ina gcuid píopaí in áit tobac. Ar ndóigh bhíodh orthu a bheith an-airdeallach i gcónaí agus gan a bheith ag bobáil chodlata.

Bhíodh roinnt diabhláochta agus cleasaíochta ar siúl freisin, cleas amháin ná go gcuiridís gramafón ar siúl sna sceacha, leaid amháin thíos ar a ghogaide agus trálach ina lámh ar a mhine ghéar á choinneáil casta agus Port na bPúcaí á sheoladh ag iarraidh na seanleids a scantrú ar a mbealach abhaile ó na tithe cuarta oícheanta seacha go mór mhór. Shíleadh siadsan go cinnte dearfa gur

síogaí a bhíodh ann. Tá sé ráite nach bhfeicfeá tada ag dul soir thar an ard a bhí sa mbóthar ach aithneachaí ag éirí as a gcuid bróga táirní agus iad ag rith lena n-anam. Ba greannmhar an feic iad, tuisleach tromchosach agus na 'drawers' olanna ag fágáil léasracha dearg ar a gcuid másaí leis an gcuimilt. Tinnbhonnach go maith a bhíodh íochtar a gcos acu nuair a shroichidís an baile. Chuir an mhilleán ar na leaids óga ach cuirim geall leat go raibh Tom Bán chomh dona leo. Thaithnigh píosaí spraoi agus greann leis. Feicim as seo é ag seanscairtíl gháire agus é ag gríosadh na leaids óga. Ba mhaith uaidh an scéal a inseacht go dtí an lá ar bhásaigh sé.

Geábh eile, díreach taobh thiar de Chéibh an Spidéil chlúdaigh ceann de na leaids é féin le feamainn agus gan le feiceáil ach a bhróga ar an trá. Bhí fear áitiúil ag siúl an chladaigh ag cuartú raic shíl seisean gur corp saighdiúra a bhí ann, rith sé suas go dtí an beairic. Go tráthúil, bhí an sáirsint taobh amuigh de Tigh Joe Sheáin Dhomhnaill, an teach ósta, ag fanacht le bus an deich, an t-aon bhus sa lá a bhí ag dul isteach go Gaillimh mar gheall ar easpa peitрил in aimsir an chogaidh. Rinne an sáirsint a bhealach síos go dtí an cladach agus cúpla duine in éineacht leis. Thaispeáin mo dhuine an spota dó ach ní raibh tada ann. Chas an sáirsint ar a chois agus dúirt sé, "Bydad ní raibh an saighdiúir seo i



chuid eolais a roinnt go fial flaithiúil liom faoin eachtra seo.

Ag dul ar ais go dtí an ‘mine’ sa Lochán Beag, tá an scéal sin fós i mbéal na ndaoine, beagnach céad bliain tar éis dó tarlú agus is dóigh go n-insíonn sé sin cé chomh cumhachtach is a bhí an phléasc sin. Bhí mo Dheaide ina stócach ag an am agus é ar aimsir ar an Eachré ag obair do bhaintreach darbh ainm Nóra Glynn. Ag seoladh a cuid beithigh a bhí sé, dá mhíle amach as Órán Mór ar Bhóthar an Rí ar thaobh Bhleá Cliath, áit a raibh talamh conacra aici nuair a chuala sé an phléasc ag teacht isteach ón bhfarraige mar a cheap sé. Croitheadh an talamh timpeall air, chuir sé a mhéaracha ina chluasa, scantraigh na beithigh agus scaip siad. Shíl sé gur plump toirní a bhí ann, agus bhí sé de thréith sna daoine ag an am sin dul ar an bhfoscadh a luaithe agus a d’aireofaí aon toirneach. Shíl mo Dheaide freisin gur toirneach a bhí ann ach bhí amhras air mar níor tháinig ach aon phlump amháin.

Fostaíocht

Bhíodh garda ann timpeall an chloig agus seo a leanas na ‘Shifts’ nó na sealanna oibre a bhíodh i gceist:

08.00 go dtí 16.00

16.00 go dtí 00.00

00.00 go dtí 08.00

Bhí leabhar imeachtaí nó logleabhar le síniú ag tús agus deireadh chuile sheal oibre. Rinne an Ceannaire (Corporal) cinnte de sin agus é leis an tóin acu maidin is tráthnóna. Pá £1-15s-0d (sa sean-airgead) a bhíodh dóibh sa tseachtain, saothrú maith ag an am agus is dóigh gurbh é sin an gnáthráta a bhí ag an arm

Feisteas agus Trealamh

Feisteas caighdeánach an airm a bhíodh orthu i mbun dualgais – cultacha, loirgneáin (*leggings*), bróga, buataisí, caipíní, clócaí, cábaí, éadaí báistí, fo-éadaí, cótaí móra, miotóga agus araile. Na déshúiligh a bhí acu – nó na ‘*spyglasses*’ mar a thugadh na seandaoine orthu – bhí siad chomh cruinn gur beag nach bhfeicfeadh tú faoileáin a bheadh ag faire nó ar gor ar bharr an tí solais, trasna an chuan i mBaile Uí Bheacháin. Níor chuala

bhíodh ag fail bisigh”. Bhí sé bréan go maith dó féin agus an bus caillte aige ach thuig sé nach raibh ann ach píosa spraoi. Is maith an scéal go raibh féith an ghrinn ann.

Le barr a chur ar an mí-ádh deireadh an seandream go raibh an píosa áirithe bóthar seo lán le taibhsí. Chonaic mo mháthair féin, Kate, iad agus déaradh sí linn stopadh ag caint agus greim lámh daingean a fháil ar a chéile. An scéal ba choitianta a chuala mise ná go mbíodh daoine ag iompú cónra ar a ndroim ó thuaidh den bhóthair i gcónaí. Tá duine amháin den criú beo fós, sin é Maidhcilín Feeney atá ina chónaí i Sydney na hAstráile. Chuaigh sé anonn go Sasana i dtosach. D’fhéadfá dul anonn as Sasana ar dheich bpunt (€12.70), is beag nach raibh sé déanta agam féin. “The ten pound tourists”, a thugaidís orthu. B’iontach go deo an seans é ag an am. Dainín Keane, mo chomharsa béal dorais a thug an-chabhair dom, tá cuimhní aige ar nós encyclopedia agus go bhfága Dia mar sin é.

An Campa

Tá ceann de na campaí ina sheasamh fós, thiar i gCaladh Ghólaím, Leitir Mealláin, ag breathnú amach ar Tower Cheann Gólaím. Tá sé deich dtroigh agus sé orlaigh ar fhad, ocht dtroigh agus sé orlaigh ar leithead agus ocht dtroigh ar airde, é

triantánach ar thaobh na farraige agus cúig fhuinneog air le bheith ag faire amach astu.

Eachtra amháin a sheasann amach i rith na gcúig bliana a raibh an cogadh ar siúl agus a bhféadfadh impleachtaí tragóideach a bheith aige ab an mianach a leaindeáil ar Thrá an tSáilín ar an bPúirín i gCois Fharraige sa mbliain 1942. Cuireadh fios ar an arm agus tháinig plód mór acu amach, saineolaithe frithbhailistiocha agus buíon diúscartha buamaí ina measc. Chuile sheans gur smaoinigh siad siar cúig bliana fichead roimhe sin ar an gCéad Chogadh Mór nuair a tháinig mianach i dtír ar thrá sa Lochán Beag cúpla míle siar an bóthar agus tharla tubaiste uafásach nuair a phléasc sé agus maraíodh naonúr fear. B’iad na ceannlínte a bhí sna páipéir ar fud an domhain an t-am sin ná “*nine fishermen killed by German mine in the West of Ireland*”. B’iad na Sasanaigh a bhí i gcumhacht an t-am sin, gan dabht.

Fad is a bhí an t-arm ag baint an ghoimh agus an dochair as an mbuama an iarraidh seo dúradh leis na daoine a bhí ina gcónaí sna bailte máguaird imeacht as a gcuid tithe. Díbríodh na gasúir scoile suas bóithriní portaigh in áit a theacht abhaile. De réir dealraimh, bhí sé eagraithe go maith ag an arm. Tá mé fíorbhuíoch do Chóil Uileac Ó Coistealbha as an gCéibh Nua faoina



Frítheadh a chorp faoi bhun na hAille Finne ar an gCnoc. Deirtear go raibh sé díbheo ar feadh cúpla lá ach in ainneoin dianchuardú ag na Coastguards ní raibh siad in ann a theacht ar a chorp. Fear áitiúil a bhí ag piocadh faochan a tháinig air ar chúl chloiche mhóir istigh i gclochar. Leaindeáil duine eile sna Poillíní i mbarr na bhForbacha agus duine in Áth Chinn. Tháinig an tArm amach, ghearr siad na cáblaí a bhí i bhfostú sna clocha agus cuireadh isteach i gcónra ar an duirling é agus ansin tugadh an corp go Tigh Bheairtle Uí Fhátharta, óstóir agus siopadóir láidir a bhí leathmhíle siar an bhóthair. Sa stór mór ar chúl an tí a coinníodh an corp agus tugadh ansin é go Rinn Eanaigh in aice le hAerfort na Sionna anois, agus as sin ar ais abhaile go Ceanada. Gordon an sloinne a bhí air agus ba de bhunadh na Sé Chontae é. Cúpla bliain ina dhiadh sin tháinig a mhuintir anall agus ghlac siad buíochas le muintir Uí Fhátharta, leis an tArm agus le chuile dhuine eile a thug cúnamh ar an ócáid thragóideach sin. Lá breá éigin, nuair a bhéas tuilleadh ama agam fiosróidh mé na tuairiscí chomhaimseartha a bhí sna páipéir ach tá na príomhphointí sa bpíosa seo, mar a chonaic daoine na háite é.

mé mórán cur síos ar an teileascóp ach bhí a leithéid ann. Bhíodh binse agus logleabhair agus cathaoir istigh sa gcampa, chomh maith le tinteán agus simléir. Bhí pollaí agus cuailí teileagraf isteach go dtí an campa agus líne teileafóin díreach go dtí Beairic na Rinne Móire i nGaillimh le foláireamh a thabhairt dá dtabharfaidís aon rud suntasach faoi deara.

An fhad is a bhí mé thiar i Leitir Mealláin, dúirt fear áitiúil liom go mba caitheamh aimsire an-choitianta a bhí ann, go mór mhór ar a mbealach abhaile ón scoil, a bheith ag tógáil urchair reatha le clocha ar na cruiscíní a bhíodh suite ar an maide trasna ar na pollaí. Bhíodh siad an-bhríosc agus bhrisidís go héasca. Aisteach go leor bhí an cleas céanna againne ag teacht ón scoil, comórtas a mhic ó lena fháil amach cé aige a bhí an seait ab fhearr. Bhí cuid againn nár mhothaigh ceart faoi, ach bhí sé an-deacair seasamh amach ón 'ngang', mar ní raibh mórán cainte ar neamhspleáchas ná ar smaoineamh as do chonlán féin. Ní raibh an eitic mhoráltachta sin múinte dúinn ag an am sin.

Maidin Chéadaoine, thart ar an am seo den bhliain i lár an chogaidh, tharla eachtra a tharraing aird na meán náisiúnta agus daoine nach iad ar an taobh seo tíre. Bhí eitleán de cuid airm nó aerfhórsa Cheanada ag trasnú an Atlantaigh os cionn Chonamara nuair a thosaigh sí ag

cailleadh cumhachta – ag rith amach as breosla nó fabht san ineall, níl a fhios againn go cinnte.

Chaith an criú iad féin amach agus thosaigh siad ag ísliú ar a bparaisiút. D'fhan an píolóta sa gcockpit chomh fada is a d'fhéadfadh sé, thug aghaidh an eitleáin amach ar an bhfarraige agus bhí sé feistithe le léim amach agus a scamhóga a líonadh le haer úr Chois Fharraige ach d'fhág sé ródheireanach é. Chonaic daoine an t-eitleán thrí thine nuair a thit sí píosa amach sa bhfarraige agus chuaigh sí go grinneall. Tá sé ráite go láidir go raibh buamaí ar bord aice ach bhí an bás i ndán don duine bocht.

Pádraic Tom Bán Breathnach

